## Alt 110 Acht an Gharda Síochána, 2005

Is cion coiriúil é “faisnéis bhréagach nó mhíthreorach” a sholáthar go feasach do GSOC. D’fhéadfaí tú a ionchúiseamh má dhealraíonn sé go bhfuil sé seo déanta agat. D’fhéadfadh fíneáil agus/nó pianbhreith phríosúin a bheith mar thoradh air sin.

Go hachomair, ní mór don fhaisnéis a thugann tú a bheith fírinneach agus gan féachaint le GSOC a chur amú in aon ghearán nó imscrúdú. Má thugann tú faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfaidh sé go mbeidh ort fíneáil suas le EUR 2,500 a íoc nó a bheith i bpríosún ar feadh suas le 6 mhí, nó iad araon.

Cuir tic sa bhosca thíos chun a thaispeáint go bhfuil an méid thuas léite agat agus é a thuiscint.

✓ Tuigim Alt 110 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 *

## Úsáid Faisnéise

Is féidir do chuid faisnéise a nochtadh do thríú páirtithe ar nós an Gharda Síochána chun cur ar ár gcumas gearáin a imscrúdú go héifeachtach nó sa chás go bhfuil dualgas dlíthiúil orainn é sin a dhéanamh. Déantar é seo chun imscrúdú éifeachtach ar do ghearán a chinntiú.

I gcás ina bhfuil sé riachtanach agus comhréireach é sin a dhéanamh, féadfaimid faisnéis a roinnt le páirtithe eile in aon imeachtaí coiriúla nó sibhialta gaolmhara. Maidir le hionchúiseamh coiriúil, áirítear leis seo faisnéis a roinnt leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus féadfaidh an Stiúrthóir an fhaisnéis sin a roinnt ansin le páirtithe eile cosúil le finné nó daoine eile a aithnítear i do ghearán. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar Nochtadh Neamh-Pháirtí.

In imeacht sibhialta gaolmhar, áirítear leis sin faisnéis a roinnt le páirtithe eile de réir mar is gá de réir an dlí, lena n-áirítear Cúirt Dlí.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, lean na naisc seo chuig ár mbeartas cosanta sonraí agus ár mbeartas príobháideachais agus fianán nó seol ríomhphost chuig data.protection@gsoc.ie.

✓ Admhaím an bonn lena n- úsáideann GSOC m’eolas agus conas is féidir é a roinnt *

CUIR ISTEACH

Privacy - Terms